Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11539/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0144(BUD)**

**FIN 1014**
**PE-L 20**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas<br>• *Formheas*<br>• *Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid* |

1. An 9 Meitheamh 2026[1], chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026 maidir le nuashonruithe ar na gnéithe ioncaim agus caiteachais den bhuiséad[2].

[1] Bhí gach leagan teanga ar fáil an 22 Meitheamh 2026.
[2] 10212/26.

2. Is é is cuspóir don togra sin **taobh an ioncaim** den bhuiséad a nuashonrú chun go gcuirfear san áireamh na forbairtí is déanaí maidir leis an méid a leanas:

- na réamh-mheastacháin nuashonraithe maidir le hacmhainní dílse do bhuiséad 2026 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse (CCAD) an 29 Bealtaine 2026. De ghnáth, cuirtear an nuashonrú sin i láthair go gairid tar éis chruinniú réamhaisnéise CCAD, i gcomhréir le hionchais na mBallstát go ndéanfar nuashonruithe CCAD a bhuiséadú a luaithe is féidir;
- an t-ioncam eile, mar shampla, fíneálacha agus ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe.

A mhéid a bhaineann le **taobh an chaiteachais**, áirítear na gnéithe sonracha seo a leanas i ndréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2026:

- atreisiú EUR 7.6 billiún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (in aghaidh na bliana), agus de sin EUR 3.4 billiún le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), EUR 0.6 billiún le haghaidh an Chiste Chomhtháthaithe (CC), EUR 1.4 billiún le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus EUR 2.2 billiún le haghaidh an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);
- atreisiú ar an gcúlchiste talmhaíochta le haghaidh méid EUR 300 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun tacaíocht spriocdhírithe eisceachtúil a chur ar fáil d’fheirmeoirí a bhfuil dúshláin mhóra leachtachta rompu, go háirithe mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar chostas leasachán;
- atreisiú ar an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) le haghaidh méid EUR 140 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun a áirithiú go n-aisíocfar caiteachas CERT go tráthúil leis na Ballstáit;
- méadú ar líon na bpost sa phlean bunaíochta don Choimisiún, atreisiú ar an gcaiteachas riaracháin faoi Cheannteideal 7 agus atreisiú ar an líne tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais chun riar éifeachtach na hIasachta Tacaíochta don Úcráin a áirithiú, i gcomhréir leis an Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach gaolmhar;
- dhá aistriú atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) ar ais chuig clár LIFE tar éis tharraingt siar an togra Eorpaigh maidir le faireachán ar fhoraoisí agus moilleanna ar ghlacadh na Treorach maidir le Maímh Ghlasa;

- athruithe ar na nótaí tráchta buiséid le haghaidh líne bhuiséid 02 02 02 (*Ráthaíocht AE ó Chiste InvestEU – Soláthar an chiste don soláthar coiteann*) chun freastal ar an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a ranníoc le hionstraim airgeadais InvestEU, de réir Rialachán Omnibus II maidir le InvestEU.

Ar an iomlán, is méadú EUR 444.2 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 8.0 billiún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá mar ghlantionchar ag dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2026 ar chaiteachas.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2026 ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Meitheamh 2026 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid seo a leanas:

  - an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2026, mar a leagtar amach i bpointe 3 thuas é,

  - treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir in IARSCRÍBHINN 2 a fhormheas chuige sin;

  - a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an ráiteas a thaifeadtar in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach ina miontuairiscí,

  - an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 don bhliain airgeadais 2026, mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

- cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/1242 ón gComhairle[3], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an ngníomh a ghlacadh.

---

[3] Cinneadh (AE) 2022/1242 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 190, 19.7.2022, lch. 137).

**Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas**

**SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[4], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2026 go cinntitheach an 26 Samhain 2025[5];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 9 Meitheamh 2026, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026,

[4] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
[5] IO L, 2026/72, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2026/72/oj.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Glacadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026 an 4 Meán Fómhair 2026.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán[6] nó é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle:

https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/public-register-search.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

6 11540/26 + ADD 1.

**IARSCRÍBHINN 2**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 don bhliain airgeadais 2026[7], a ghlac an Chomhairle an 4 Meán Fómhair 2026, á chur ar aghaidh agam chugat faoi chumhdach ar leithligh.

(Mise le meas).

---

[7] 11540/26 + ADD 1.